C/2024/6879

28.11.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Treoirphlean le haghaidh Comhaontú Glas agus Sóisialta don Eoraip, bunaithe ar gheilleagar na dea-bhaile

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/6879)

Rapóirtéir: **Maria NIKOLOPOULOU**

Comhairleoirí	Agata MEYSNER (thar ceann an rapóirtéara) Tellervo KYLÄ-HARAKKA-RUONALA (thar ceann Ghrúpa I)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa rannóg	3.9.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	19.9.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	590
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	166/8/5

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Is é barúil dhaingean CESE gur cheart dearcadh sochaíoch ní ba leithne a ghlacadh sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus gur cheart an Comhaontú féin a threisiú chun geilleagar na dea-bhaile a chothú a fhónfaidh do dhaoine agus don domhan araon. Is éard atá i ngeilleagar na dea-bhaile cur chuige a bhaineann le treoshuíomh beartais agus le rialachas agus a fhéachann le tús áite a thabhairt do dhaoine agus dá ndea-bhail sa cheapadh beartas agus sa chinnteoireacht.

1.2. Má tá an tAontas chun a chuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta a bhaint amach, beidh sé ríthábhachtach an reachtaíocht ábhartha a thrasuí agus dlús a chur le glacadh agus méadú na réiteach atá ann cheana ar fud na mBallstát agus cur leis an infheistíocht sa taighde, san fhorbairt agus sa nuálaíocht (TFN) d'fhonn réitigh nua sa bhreis a aimsiú. Measann CESE nár cheart don Choimisiún Eorpach ná do Pharlaimint na hEorpa baint d'uaillmhian na gcuspóirí atá ann faoi láthair ná moill a chur ar a gcur chun feidhme. Seachas sin, is gá deifir a dhéanamh chun na dálaí atá de dhíth le haghaidh timpeallacht infheistíochta spreagúil a chur ar fáil, rochtain a thabhairt ar fhuinneamh glan inacmhainne, réitigh nua theicneolaíochta a thairiscint a rannchuideoidh le geilleagar aeráidneodrach agus tacaíocht agus líontáin sábhála theicniúla agus airgeadais leordhóthanacha a chur ar fáil do na Ballstáit, do chuideachtaí sna hearnálacha lena mbaineann, do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a mbeidh orthu na rialacha a chur chun feidhme

1.3. Ní leor an cistiúchán atá ann faoi láthair don aistriú, agus tá CESE á chur i bhfáth ar an ábhar sin gur gá don Aontas agus do na Ballstáit araon tuilleadh infheistíochta, idir phoiblí agus phríobháideach, a mhealladh. Cuireann CESE in iúl freisin a thábhachtaí atá sé go dtacófaí leis an aistriú sna buiséid náisiúnta. Sa bhreis air sin, tá sé den tuairim gur gá tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh chun na buiséid a mhéadú trí mheán raon sásraí. D'fhéadfaí a áireamh ar na sásraí sin dul i ngleic le himghabháil cánach, bailiú cánach a fheabhsú, deireadh a chur láithreach bonn le fóirdheontais nua atá díobhálach don chomhshaol agus na fóirdheontais atá ann cheana a athchóiriú, sin agus na cánacha a ghearrtar ar bhreoslaí iontaise a mhéadú ar bhonn ní ba thapúla, cur chun cinn a dhéanamh ar cháin ní ba mhó a ghearradh orthu siúd a thagann faoin 1 % is saibhre den daonra ar domhan, agus feabhas a chur ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe lena ngintear acmhainní.

1.4. Chun geilleagar na dea-bhaile a bhaint amach, is gá a chinntiú go mbeidh buiséid phoiblí ann le haghaidh infheistíochtaí i bpríomhréimsí beartais a bhaineann leis an aistriú glas agus an t-aistriú cóir, amhail oideachas, cosaint shóisialta agus cúram sláinte, trí leas a bhaint as cur chuige ina bhfuil cothromaíocht idir infheistíochtaí arda poiblí agus an inbhuanaitheacht fhioscach le go bhféadfar bearta déine a sheachaint.

1.5. Tá an geilleagar ar cheann de na tosca is bunriachtanaí má táthar chun inbhuanaitheacht a bhaint amach, agus, mar sin, ní mór dúinn bogadh ar aghaidh ó gheilleagar fáis a bhunaítear ar an olltáirgeacht intíre (OTI) agus creat beartais cuimsitheach a mholadh lena dtabharfar tacaíocht do gheilleagar inbhuanaithe a dhíreoidh ní hamháin ar dhea-bhail shochaíoch, ach ar bhaint amach spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe chomh maith le Comhaontú Pháras agus an Plean um Bithéagsúlacht.

1.6. Tá CESE den tuairim gur cheart rochtain uilíoch inacmhainne a bheith ann ar oideachas, cúram sláinte, cosaint shóisialta agus tithíocht. Ba cheart acmhainní bunúsacha amhail bia a tháirgtear go hinbhuanaithe, uisce glan agus fuinneamh a chur ar fáil ar bhealach a chuirfeadh ar chumas gach duine stíleanna maireachtála inbhuanaithe a bheith acu. Ba cheart don tsochaí dul i mbun idirphlé leanúnach chun sainmhíniú a thabhairt ar a bhfuil i gceist le 'rochtain' agus 'bunriachtanach', lena áirithiú go bhfreastalódh na coincheapa sin ar riachtanais athraitheacha an phobail.

1.7. Tathantaíonn CESE ar an Aontas, ar na Ballstáit agus ar chuideachtaí infheistíocht a dhéanamh san oiliúint, san athsciliú agus san uas-sciliú agus iarrann sé go gcuirfí oideachas ar fáil maidir leis an daonlathas agus na hinstitiúidí poiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

1.8. Chun dea-bhail na ndaoine a áirithiú, measann CESE gur cheart borradh a chur faoi rannpháirtíocht na sochaí sibhialta ar bhealach fóinteach agus cuimsitheach, agus go háirithe grúpaí faoi ghannionadaíocht amhail daoine óga, mná, imircigh agus daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh. Is féidir é sin a bhaint amach tríd an rochtain ar mhaoiniú d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a fheabhsú agus trí rannpháirtíocht shibhialta ón mbun aníos a spreagadh. Tá príomhról ag an idirphlé sóisialta maidir le dea-bhail a fheabhsú chomh maith. Thairis sin, iarrann CESE go ndéanfaí sásraí rannpháirtíochta, cuir i gcás na tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh, a chur chun cinn agus creideann sé go gcuirfí tuilleadh díobh ar bun dá ndéanfaí na ceanglais atá ann dóibh a mhaolú agus dá ndéanfadh an Coimisiún Eorpach beart fóinteach ina leith.

1.9. Creideann CESE gur cheart dearbhú idirinstitiúideach a tharraingt suas idir CESE, Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach chun creat láidir a chur ar fáil lena ráthófaí go ndéanfaí leasanna agus cearta na nglúnta atá le teacht a chosaint agus a chur chun cinn. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún Eorpach Coimisinéir do na glúnta atá le teacht a cheapadh.

2. **Comhthéacs**

2.1. Leis an gComhaontú Glas don Eoraip, cuireadh tús le haistriú suntasach ab éigean a dhéanamh a mhéid a bhaineann leis an ngníomhú ar son na haeráide agus an chosaint comhshaoil in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear earnálacha an fhuinnimh, an iompair agus na talmhaíochta. Mar sin féin, tá dúshláin shuntasacha bhreise ag teacht chun cinn mar gheall ar an ngéarchéim aeráide agus géarchéim na bithéagsúlachta nach bhfuil ach ag dul in olcas, paindéimí atá á leathadh, cogaí atá ag éirí níos measa, iomaíochas atá ag dul i laghad, costais mhaireachtála atá ag dul i méid agus neamhionannas atá ag leathnú. Fágann sé sin gur mó fós an teannas polaitiúil atá ann agus, de réir dealraimh, go bhfuil spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip i mbaol. Is léir dúinn, agus na géarchéimeanna sin ag dul in olcas, nach amháin gurb an-leochaileach an córas atá againn, ach gur gá dúinn aistriú a dhéanamh chomh maith. Níl sé de rogha againn leanúint ar aghaidh mar is gnáth.

2.2. Is í an ghéarchéim thriarach dhomhanda, géarchéim atá ag dul in olcas, an bhagairt is mó atá le sárú más maith linn an bhochtaineacht a mhaolú, dálaí cuibhiúla oibre agus ceartais shóisialta a áirithiú agus timpeallacht ghnó fhabhrach san fhadtéarma a bhunú. Is rudaí iad an téamh domhanda, ídiú na bithéagsúlachta agus an truailliú a chuireann gach neach atá beo ar an bpláinéad seo againn i mbaol. Ina theannta sin, cuireann siad le coinbhleachtaí agus le suaitheadh sóisialta ar fud na hEorpa agus sa Domhan Theas, rudaí atá ag éirí níos measa cheana féin. Sa chomhthéacs sin, tá sé ag éirí níos práinní athmhachnamh a dhéanamh ar an gcaoi a mbímid ag caitheamh leis an dúlra agus na héiceachórais nádúrtha a chosaint agus, i gcás inar gá, a athbhunú, á chur san áireamh gur éiceachórais iad sin nach bhféadfadh an cine daonna déanamh dá n-uireasa, lena n-áirítear le haghaidh fhormhór na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha ar domhan ([1]).

([1]) Tuairim - Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa - Straitéis chuimsitheach don bhithéagsúlacht ag COP16: na earnálacha uile a thabhairt le chéile chun sprioc chomhchoitianta a bhaint amach (IO C, C/2024/6880, 28.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6880/oj).

2.3. Is éard atá i ngeilleagar na dea-bhaile cur chuige a bhaineann le treoshuíomh beartais agus le rialachas lena bhfhéachtar le tús áite a thabhairt do dhaoine agus dá ndea-bhail sa cheapadh beartas agus sa chinnteoireacht. An cuspóir nach mór a bheith ag an tsochaí i ngeilleagar na dea-bhaile go mbeadh gach duine ag breathnú i ndiaidh dhea-bhail an uile dhuine eile sa tsochaí, i gcomhréir le forálacha bunreachtúla. Chun gur féidir an sprioc sin a bhaint amach, ní mór a thabhairt faoi deara i dtús báire go bhfuil tábhacht leis an airgead agus an caipiteal, mar uirlisí malartaithe agus infheistíochta, ach nach iad an sprioc ann féin. An tsamhail eacnamaíoch ina mbreathnaítear i ndiaidh leas coiteann an duine, tá an tsamhail sin bunaithe ar luachanna a aithníonn gach duine mar luachanna uilíocha, eadhon: dínit an duine, dlúthpháirtíocht, inbhuanaitheacht éiceolaíoch, ceartas sóisialta, trédhearcacht agus rannpháirtíocht dhaonlathach ([2]). Is féidir, trí mheán an gheilleagair, fís na dea-bhaile atá againn a fhíorú ([3]). I ngeilleagar na dea-bhaile, déantar dul chun cinn a thomhas ní hamháin le táscairí eacnamaíocha traidisiúnta, amhail OTI, ach le méadrachtaí a léiríonn cáilíocht saoil chomh maith, cuir i gcás an tsláinte, an t-oideachas, cáilíocht an chomhshaoil agus naisc shóisialta. Leis an gcur chuige iomlánaíoch sin, cuirtear an bhéim ar a thábhachtaí atá sé acmhainní agus deiseanna a dháileadh go cothrom ar mhaithe lena chinntiú go gcomhroinntear na tairbhí eacnamaíocha go forleathan ar fud gach coda den tsochaí.

2.4. Má tá an tAontas chun a chuspóirí aeráide agus bithéagsúlachta le haghaidh 2030 agus ina dhiaidh sin a bhaint amach le linn an chéad téarma eile, beidh sé ríthábhachtach an reachtaíocht ábhartha a thrasuí, dlús a chur le glacadh agus méadú na réiteach atá ann cheana ar fud na mBallstát agus infheistíocht sa taighde, san fhorbairt agus sa nuálaíocht a neartú chun teacht ar réitigh nua sa bhreis. Measann CESE nár cheart don Choimisiún Eorpach ná do Pharlaimint na hEorpa, sa sainordú atá romhainn, baint d'uaillmhian na gcuspóirí atá ann faoi láthair ná moill a chur ar a gcur chun feidhme. Seachas sin, is gá deifir a dhéanamh chun na dálaí atá de dhíth le haghaidh timpeallacht infheistíochta spreagúil a chur ar fáil, rochtain a thabhairt ar fhuinneamh ar phraghsanna inacmhainne, réitigh nua theicneolaíochta a thairiscint a rannchuideoidh le geilleagar aeráidneodrach, measúnuithe tionchair iomchuí a dhéanamh agus tacaíocht agus líontáin sábhála theicniúla agus airgeadais a chur ar fáil do na Ballstáit, do chuideachtaí sna hearnálacha go léir lena mbaineann, do dhaoine aonair agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta a mbeidh orthu na rialacha a chur chun feidhme.

2.5. Rinne an Coimisiún Eorpach Tuarascáil 2023 maidir leis an bhFadbhreathnaitheacht Straitéiseach ([4]) a eisiúint ina ndírítear ar an inbhuanaitheacht agus ar an dea-bhail a leabú in uathriail straitéiseach oscailte na hEorpa agus ina ndéantar deich ngníomhaíocht a mholadh chun an sprioc sin a bhaint amach. Tá an t-aistriú sin ríthábhachtach don Aontas más uaidh an aeráidneodracht agus an inbhuanaitheacht a bhaint amach, rud a chinnteodh iomaíochas fadtéarmach agus ceannaireacht dhomhanda an Aontais a mhéid a bhaineann leis an ngeilleagar aeráidneodrach. Leagtar amach sa tuarascáil na príomhdhúshláin atá ann agus moltar freagairtí beartais lena n-aghaidh, lena n-áirítear geilleagar ina dtabharfaí tús áite don dea-bhail, ina ndíreofaí ar bhearnaí scileanna le haghaidh na hinbhuanaitheachta agus lena n-áiritheofaí cistiúchán leordhóthanach don aistriú.

2.6. De réir mheasúnú tosaigh na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil ar na rioscaí don gheilleagar ó thaobh aeráide de ([5]), tá mór-roinn na hEorpa á téamh níos tapúla ná na réigiúin eile ar domhan agus níl dlús sásúil á chur leis na beartais atá ann faoi láthair chun spriocanna an Aontais maidir leis an aeráidneodracht a bhaint amach. Tá sé léirithe ag an mBanc Domhanda gur mó i bhfad costas na neamhghníomhaíochta i leith na haeráide ná costas na gníomhaíochta ar son na haeráide san Eoraip ([6]). Sa bhreis air sin, meastar go bhfuil níos mó ná 50 % de OTI an domhain ag brath ar an dúlra ([7]) agus go bhfuil thart ar 40 % de na poist ar fud an domhain ag brath go díreach ar éiceachórais shláintiúla ([8]). Ina ainneoin sin, tá na billiúin fós á gcaitheamh ar fhóirdheontais atá díobhálach don chomhshaol, tar éis go bhfuil laghdú na bhfóirdheontas sin á phlé leis na blianta fada anuas.

2.7. De réir na tuarascála *Global Resources Outlook 2024* ([9]) [Ionchas Acmhainní Domhanda 2024], tá sé á thuar go bhféadfadh fás 60 % teacht ar úsáid acmhainní faoi 2060, rud a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ní hamháin de na hiarrachtaí chun spriocanna domhanda ó thaobh aeráide, bithéagsúlachta agus truailliú de a bhaint amach, ach chun rathúnas eacnamaíoch agus dea-bhail an duine a bhaint amach freisin. Is é an t-aon rogha inmharthana atá ann an fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó astaíochtaí gás ceaptha teasa, ó úsáid acmhainní agus ó dhíghrádú an chomhshaoil agus díriú ar an dea-bhail a fheabhsú agus geilleagair rathúla agus gnólachtaí iomaíocha a chur chun cinn.

([2]) IO C 13, 15.1.2016, lch. 26.
([3]) IO C 106, 31.3.2020, lch. 1, Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Creat beartais an Aontais um aistriú cóir a chur chun cinn: cad iad na bearta atá riachtanach? (IO C, C/2024/1576, 5.3.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2024/1576/oj).
([4]) https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/ga/ip_23_3623.
([5]) https://www.eea.europa.eu/publications/european-climate-risk-assessment.
([6]) https://www.worldbank.org/en/region/eca/brief/economics-for-disaster-prevention-preparedness-europe.
([7]) Staidéar le haghaidh creat modheolaíochta agus measúnú ar rioscaí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith bainteach le cailliúint na bithéagsúlachta agus díghrádú na n-éiceachóras, An Coimisiún Eorpach.
([8]) *World Employment and Social Outlook 2018*, EIS.
([9]) https://www.resourcepanel.org/reports/global-resources-outlook-2024.

2.8. De réir an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC), d'fhéadfaí laghdú idir 40 % agus 70 % a dhéanamh ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2050 ach na beartais, an bonneagar agus an teicneolaíocht cheart a bheith ann chun stíleanna maireachtála agus iompraíocht daoine a athrú ([10]). Mar sin féin, is praghsanna ísle agus áisiúlacht is mó a spreagann cinntí tomhaltais daoine, go háirithe daoine atá ar ioncam íseal, ós rud é nach mbíonn roghanna malartacha inbhuanaithe ar fáil dóibh nó nach mbíonn na roghanna sin inacmhainne dóibh. Is fíor sin i gcás earraí agus seirbhísí éagsúla, lena n-áirítear iompar, tithíocht, bia agus táirgí. Tá CESE suite de nach mór feabhas a chur ar an gcur chuige córasach maidir le hiompar inbhuanaithe, chun a áirithiú gurb iad na stíleanna maireachtála inbhuanaithe is áisiúla, is inrochtana agus is costéifeachtaí do chách.

3. **Fís le haghaidh na dea-bhaile sóisialta**

3.1. Ba cheart cothromaíocht idir saoirsí, freagrachtaí agus cearta na saoránach go léir a bheith mar bhonn taca leis an dea-bhail shóisialta. Ba cheart don tsochaí gach iarracht a dhéanamh chun maireachtáil taobh leis an dúlra gan dul thar acmhainneachtaí an domhain, agus déanamh amhlaidh gan díothacht a bheith i gceist, í ag brath ar gheilleagar inbhuanaithe ina mbeadh tús áite ag an dea-bhail, ina n-urramófaí an aeráid, an dúlra agus an comhshaol ina mairimid agus ina ndéanfaí deiseanna do na glúnta atá le teacht a chaomhnú agus a fhorbairt chun freastal ar a gcuid riachtanas.

3.2. Is é an cothromas bunchloch na dea-bhaile sóisialta agus ní mór an tacaíocht iomchuí a thabhairt do dhaoine chun freastal ar a gcuid riachtanas. Ní mór na bacainní struchtúracha a laghdú go mór toisc go gcuireann siad le neamhionannais bhreise shóisialta. Beidh tacaíocht shaincheaptha i rith an aistrithe de dhíth ar ghrúpaí leochaileacha, amhail daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, daoine atá ina gcónaí i limistéir agus réigiúin tuaithe agus iargúlta, mar aon le daoine óga agus mná atá ag titim ar gcúl faoi láthair ó thaobh ceart agus ioncaim de.

3.3. Ba cheart do na rialtais an tsábháilteacht a áirithiú le haghaidh an uile dhuine. Is gné bhunúsach den dea-bhail shóisialta agus den dea-bhail eacnamaíoch go mothódh an pobal gur slán sábháilte an timpeallacht mórthimpeall orthu, ós fíor go dtagann an éagobhsaíocht shóisialta leis an éagobhsaíocht eacnamaíoch agus a mhalairt. Tá gá le gníomhaíochtaí agus infheistíochtaí cuí i réimsí éagsúla chun síocháin agus sábháilteacht a áirithiú ó bhagairtí inmheánacha agus bagairtí seachtracha.

3.4. Tá CESE den tuairim gur cheart rochtain uilíoch inacmhainne a bheith ann ar oideachas, cúram sláinte, cosaint shóisialta agus tithíocht. Ba cheart an rochtain ar acmhainní bunúsacha amhail bia a tháirgtear go hinbhuanaithe, uisce glan agus fuinneamh a chur ar fáil ar bhealach a chuirfeadh ar chumas gach duine stíleanna maireachtála inbhuanaithe a bheith acu. Ba cheart don tsochaí dul i mbun idirphlé leanúnach chun a bhfuil i gceist le 'rochtain' agus 'bunriachtanach' a shainiú, lena áirithiú go mbeadh na coincheapa sin ag fónamh do riachtanais athraitheacha an phobail.

4. **Treoirphlean le haghaidh Comhaontú Glas agus Sóisialta don Eoraip**

Tírdhreach eacnamaíoch

4.1. Cé gur ceann de phríomhghnéithe an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip atá ann faoi láthair an ghné 'gan aon duine a fhágáil ar lár', caithfear an prionsabal sin a chomhtháthú níos fearr chun gur fearr is féidir dul i ngleic leis na gnéithe sóisialta agus sochaíocha den aistriú glas agus aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na ngéarchéimeanna domhanda. Tá géarghá le paraidím athnuaite pholaitiúil, eacnamaíoch agus shochaíoch lena dtabharfaí tús áite do dhea-bhail an duine agus an domhain agus lena ndíreofaí ar an ngníomhaíocht, an táirgeadh agus an tomhaltas eacnamaíoch inbhuanaithe a fheabhsú. Teastaíonn aistriú bunúsach chuig geilleagar láidir inbhuanaithe uainn chun dea-bhail agus aistriú glas cothrom a éascú a bheadh ailínithe le spriocanna forbartha inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe, le Comhaontú Pháras agus leis an bPlean um Bithéagsúlacht.

4.2. Céim bhunriachtanach sa treo sin is ea an tsamhail eacnamaíoch atá ann faoi láthair a athchóiriú, bogadh ar aghaidh ón bhfás a bhunaítear ar OTI ([11]) agus creat beartais cuimsitheach a mholadh lena dtabharfaí tacaíocht do gheilleagar inbhuanaithe a dhíreodh ar an dea-bhail shochaíoch – sprioc a leagtar béim uirthi san 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol ([12]). Tá tacaíocht don chuspóir sin léirithe ag na comhreachtóirí, agus aontaíonn siad leis an aidhm gur cheart daoine a bheith in ann maireachtáil go maith, gan dul thar acmhainneachtaí an domhain, faoi 2050 ar a dhéanaí, agus geilleagar na dea-bhaile a bheith ann nach gcuirfí aon rud amú ann, ina mbeadh fás athghiniúnach, ina mbeadh an aeráidneodracht bainte amach san Aontas agus inar lú go mór na neamhionannais a bheadh ann.

([10]) https://www.ipcc.ch/2022/04/04/ipcc-ar6-wgiii-pressrelease/.
([11]) IO C 152, 6.4.2022, lch. 7.
([12]) Cinneadh (AE) 2022/591 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Aibreán 2022 maidir le Clár Ginearálta Gníomhaíochta Comhshaoil an Aontais go dtí 2030 (IO L 114, 12.4.2022, lgh. 22).

4.3. De réir staidéar ón Institiúid um Eacnamaíocht Aeráide ([13]), is ionann an t-easnamh infheistíochta aeráide chun cuspóirí 2030 a bhaint amach agus thart ar EUR 406 bhilliún in aghaidh na bliana (2,6 % de OTI an Aontais). Ar an dul céanna, beidh sé deacair na spriocanna buiséid atá ann do 2026-2027 a bhaint amach, is é sin 10 % den bhuiséad a thiomnú don chomhrac i gcoinne chailliúint na bithéagsúlachta ([14]). Ina fhianaise sin, beidh sé ríthábhachtach tuilleadh cistí, idir phoiblí agus phríobháideach, a shlógadh le haghaidh infheistíochtaí glasa agus, sa ghearrthéarma, cuid de na hacmhainní agus de na fóirdheontais atá ar fáil a chur chuig úsáid eile.

4.4. Iarrann CESE go ndéanfadh an tAontas agus na Ballstáit tuilleadh díchill chun na buiséid a mhéadú trí leas a bhaint as réimse sásraí. D'fhéadfaí a áireamh ar na sásraí sin dul i ngleic le himghabháil cánach, bailiú cánach a fheabhsú, deireadh a chur láithreach bonn le fóirdheontais nua atá díobhálach don chomhshaol agus na fóirdheontais atá ann cheana a athchóiriú, sin agus na cánacha a ghearrtar ar bhreoslaí iontaise a mhéadú ar bhonn ní ba thapúla agus feabhas a chur ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe lena ngintear acmhainní. Molann CESE go gcuirfí chun cinn cánacha ní b'airde a ghearradh orthu siúd a thagann faoin 1 % den daonra ag a bhfuil beagnach leath den rachmas iomlán domhanda agus an t-ioncam sin a úsáid chun an t-aistriú a mhaoiniú.

4.5. Chun geilleagar na dea-bhaile a bhaint amach, is gá a chinntiú go mbeidh buiséad poiblí ann le haghaidh infheistíochtaí agus athchóirithe i bpríomhréimsí beartais a bhaineann leis an aistriú glas agus an t-aistriú cóir, amhail oideachas, cosaint shóisialta agus cúram sláinte. Ní mór na bearta déine a cuireadh i bhfeidhm le linn na géarchéime eacnamaíche a bhí ann roimhe seo a sheachaint. Is den ríthábhacht, dá bhrí sin, a áirithiú go gcuirfear straitéis láidir infheistíochta poiblí chun feidhme d'fhonn teacht ar chur chuige ina bhfuil cothromaíocht idir infheistíochtaí arda poiblí agus an inbhuanaitheacht fhioscach.

4.6. Ba cheart don Aontas na cistí atá ar fáil faoi láthair a fhógairt ar bhealach ní b'fhearr agus na próisis faoinar féidir le gnólachtaí rochtain a fháil orthu a shimpliú.

4.7. Go dtí seo, níl aon fhianaise ann ar dhearbh-dhíchúpláil fhorleathan ar an leibhéal domhanda, agus dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach réitigh a fhorbairt agus a ghlacadh a chabhródh le tomhaltas acmhainní a laghdú agus an geilleagar a dhí-ábharú ar fud an domhain. Is ar bhonn cothromasach a chaithfear an méid sin a dhéanamh agus deis a thabhairt le haghaidh forbairt chóir, go háirithe i dtíortha ísealioncaim. Chun tuiscint chuimsitheach a fháil ar an tomhaltas ábhar sna tíortha éagsúla, ba cheart cur chuige bunaithe ar lorg amhábhair a úsáid, rud a d'iarr Parlaimint na hEorpa agus roinnt Ballstát a bhfuil spriocanna náisiúnta acu cheana féin chun an lorg amhábhair a laghdú. Tacaíonn CESE leis an iarraidh ón gComhairle go mbeadh cuspóir fadtéarmach ag an Aontas maidir le húsáid inbhuanaithe acmhainní agus úsáid soláthair phoiblí ghlais, mar a leabaíodh sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an 8ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil ([15]).

4.8. Tá ról tábhachtach san aistriú glas ag gnólachtaí, ó chuideachtaí móra go MFBManna, ó chomharchumainn go gníomhaithe an gheilleagair shóisialta, de réir mar a théann siad i mbun an aistrithe ina n-oibríochtaí féin agus iad ag rannchuidiú ag an am céanna le haistriú gníomhaithe eile trí réitigh aeráide agus chomhshaoil a sholáthar. Tá ról lárnach acu freisin i ngeilleagar na dea-bhaile, is é sin acmhainní a ghiniúint agus poist, earraí agus seirbhísí inbhuanaithe a chur ar fáil do na daoine.

4.9. Chun go mbeidh ar chumas na bhfiontar a ról a imirt san aistriú inbhuanaitheachta agus i ngeilleagar na dea-bhaile, ní mór cothrom iomaíochta agus timpeallacht ghnó a chur ar fáil dóibh chun nach mbeidh iomaíocht éagórach ann. Leis sin, ní mór na caighdeáin chéanna a bheith i gceist le gach earra allmhairithe agus atá leis na cinn a tháirgtear san Eoraip. Is riachtanach timpeallacht ghnó a bheith ann lena spreagtar an nuálaíocht, an infheistíocht agus an trádáil agus lena n-éascaítear an t-aistriú. Ní mór coinníollacha fabhracha a chur ar bun do na fiontair go léir chun an t-aistriú a bhainistiú, á aithint san am céanna go mbeidh éagsúlacht coinníollacha agus riachtanas ann de réir na hearnála agus de réir mhéid an fhiontair. Tá sé thar a bheith tábhachtach laghdú ar an maorlathas agus dlús a chur le nósanna imeachta ceadaithe.

4.10. Ba cheart dea-chleachtais a chomhroinnt maidir le bearta praiticiúla a dhéanann cathracha Eorpacha. Ba cheart, mar shampla, srian a chur leis an bhfógraíocht le haghaidh breoslaí iontaise agus le haghaidh táirgí agus seirbhísí atá dian ar charbón agus ar ábhar, go háirithe i spásanna poiblí agus i spásanna ar líne chun nach spreagfaí an róthomhaltas, ag leanúint shampla na dtionscnamh atá ar bun in Grenoble agus in Amstardam, áiteanna nach gceadaítear go sonrach i suíomhanna faoi úinéireacht na comhairle fógraíocht faoi aerthaisteal, aerfoirt, SUVanna, turais chúrsála nó fógraíocht ó chuideachtaí breosla iontaise.

([13]) https://www.i4ce.org/en/publication/european-climate-investment-deficit-report-investment-pathway-europe-future/.
([14]) An Coimisiún Eorpach, *Biodiversity mainstreaming*.
([15]) https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-11326-2024-INIT/ga/pdf.

4.11. Chun fostaíocht níos cuimsithí a fheabhsú ba cheart bunú gnólachtaí agus samhlacha gnó éagsúlaithe a spreagadh, lena n-áirítear córais shóisialta, chiorclacha agus dlúthpháirtíochta amhail úinéireacht ag maoir, comharchumainn agus fiontraíocht na mban agus na hóige. Ba cheart aitheantas ní ba mhó a thabhairt do gheilleagair shóisialta agus do gheilleagair chomhroinnte, á gcur san áireamh go gcuireann siad poist chuibhiúla, oiliúint ardcháilíochta agus deiseanna oideachais atá glas agus sásúil don duine ar fáil. Ina theannta sin, chun an dea-bhail agus an táirgiúlacht araon a éascú agus an chothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn, ní foláir dálaí oibre a bhunú ar chothromaíocht idir saol pearsanta an duine aonair agus na riachtanais ghnó shonracha atá aige/aici, lena n-áirítear bearta amhail an t-am oibre a laghdú, i gcás inarb infheidhme.

Oideachas agus cumhachtú

4.12. Ní mór feasacht shibhialta a mhúscailt i measc na ndaoine trí mheán an oideachais, rud a chuirfeadh ar a gcumas stíleanna maireachtála sláintiúla agus inbhuanaithe a ghlacadh. Is féidir an tomhaltas aonair a laghdú, agus gan díothacht a bheith ann, a bhuí le mórán gnéithe den gheilleagar ciorclach, amhail athúsáid, athrú cuspóra, deisiú agus comhroinnt táirgí. Faoi láthair, áfach, ní ciorclach ach 7,2 % den gheilleagar domhanda, rud a fhágann go ndéantar níos mó ná 90 % de na hábhair a chur amú, go gcaillfear iad nó nach mbíonn siad ar fáil lena n-athúsáid ([16]). Is treocht sa tsochaí na réitigh sin a chur chun cinn den chuid is mó, a bhuíochas sin ar na glúnta óga, ach is réitigh ó ghlúin go glúin atá de dhíth orainn le haghaidh aistriú a bheidh go hiomlán ciorclach.

4.13. Ní mór an t-oideachas maidir leis an daonlathas agus institiúidí poiblí ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a neartú agus a bheith éigeantach chun a áirithiú go mbeidh an t-eolas ag gach dalta chun tuiscint a fháil ar an rud is córas daonlathach ann, ar an gcaoi a ndéantar cinntí san Eoraip, ar na teorainneacha agus na dúshláin a bhíonn i gceist, agus ar an gcaoi le bheith ina s(h)aoránach gníomhach. Thairis sin, ba cheart d'institiúidí an Aontais neartú ar a gcuid iarrachtaí cumarsáid shimplí shoiléir shothuigthe a dhéanamh faoin ról atá ag saoránaigh an Aontais, go háirithe ar an leibhéal áitiúil.

4.14. Tá ag méadú ar an éileamh ar scileanna atá ábhartha do thodhchaí inbhuanaithe, agus beidh oibrithe ag teastáil a mbeidh na scileanna teicniúla agus boga acu a bheidh ríthábhachtach d'iomaíochas an Aontais. Tá CESE ag tathant ar an Aontas, ar na Ballstáit agus ar chuideachtaí infheistíocht a dhéanamh san oiliúint, san athsciliú agus san uas-sciliú.

Rannpháirtíocht na sochaí sibhialta

4.15. Ba cheart daoine a spreagadh chun slógadh agus eagrú i dtreo cuspóir coiteann trí shásraí, amhail an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh, a úsáid. Tá CESE den tuairim go gcuirfí tuilleadh tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh ar bun dá ndéanfaí na ceanglais a mhaolú agus dá ndéanfadh an Coimisiún Eorpach beart láidir fóinteach ar a son.

4.16. Ba cheart ionadaíocht agus cuimsiú níos fearr a áirithiú sna daonlathais, an tsochaí shibhialta a bheith níos rannpháirtí iontu agus an rialachas ón mbun aníos a bheith níos forleithne. Is cuid thábhachtach de phróisis chinnteoireachta rannpháirtíochta iad sásraí amhail tionóil na saoránach agus ba cheart do rialtais ionadaíocht níos éagsúla saoránach a spreagadh le linn dóibh beartais a cheapadh agus rannpháirtíocht níos gníomhaí agus níos fónta a spreagadh i measc na sochaí sibhialta eagraithe. Ar an gcaoi sin, ba cheart go mbeadh na saoránaigh, na pobail áitiúla agus na hearnálacha go léir sa tsochaí in ann ról agus tionchar níos mó a bheith acu sa phróiseas daonlathach. Ós rud é go bhfuil ag teip ar mhuinín daoine as polaiteoirí agus as an gcóras polaitiúil, ní mór dúinn infheistíocht a dhéanamh sna daoine féin más uainn ár gcórais daonlathais a chosaint.

([16]) https://www.circularity-gap.world/2023#:~:text=The%20global%20economy%20is%20now%20only%207.2%25%20circular&text=This%20means%20that%20more%20than,such%20as%20buildings%20and%20machinery.

4.17. Ó thaobh na dtionscal agus na n-earnálacha a mbeidh orthu cúbadh siar, is ríthábhachtach an ról atá ag an idirphlé sóisialta dóibhsean maidir lena chinntiú go mbeidh roghanna malartacha cuibhiúla agus sásúla ar fáil do na hoibrithe a chaillfidh a bpoist. Bealach amháin leis sin a dhéanamh, mar shampla, ná creat beartais um aistriú cóir a chur chun cinn, mar a iarradh sa tuairim ó CESE *Creat beartais an Aontais um aistriú cóir a chur chun cinn* ([17]). Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme chearta bunúsacha na n-oibrithe agus a gcur chun feidhme a neartú, is é sin na cearta atá acu chun ceardchumainn a eagrú agus páirt a ghlacadh iontu gan frithbheart agus chun dul i mbun cómhargála in earnálacha glasa atá ag teacht chun cinn sa gheilleagar agus níos faide i gcéin. Chuige sin, tá béim á cur ag CESE ar na forálacha maidir le faireachán ar chur chun feidhme an Mholta ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach ([18]) agus, sa bhreis air sin, tá sé á chur in iúl aige go moltar do na Ballstáit liosta beart, arna tharraingt suas i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, a chur isteach laistigh de 18 mí tar éis fhoilsiú an mholta maidir lena chur chun feidhme. Ba cheart ról lárnach a bheith ag na comhpháirtithe sóisialta i bhforbairt na dtáscairí chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme ([19]).

4.18. Ba cheart don Aontas acmhainní a chur ar fáil, lena n-áirítear bunchistiú, le haghaidh rannpháirtíocht shibhialta ón mbun aníos a dhíríonn ar chlaochlú cóir. Thairis sin, ba cheart dó cineálacha éagsúla daonlathais dhioscúrsaigh a chur ar fáil leis i gcomhthéacsanna éagsúla agus ar leibhéil éagsúla chun nuálaíocht shóisialta a chumasú. Áirítear leis sin tionscnaimh faoi stiúir an phobail, cathracha atá i mbun an aistrithe, buiséadú rannpháirtíochta, tionóil na saoránach, comhairlí um fhuinneamh don óige, pleanáil straitéiseach chuimsitheach cathrach, tuilleadh comhairliúchán leis na saoránaigh maidir leis na bearta ar cheart tús áite a thabhairt dóibh, gairdíní pobail, pobail fuinnimh agus comharchumainn. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an éagsúlacht agus ar an gcuimsitheacht ionas go mbeidh daoine óga, imircigh agus daoine faoi mhíchumas rannpháirteach. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar an gcaoi a ndéantar gné na hinscne a ionchorprú sna tionscnaimh sin chomh maith.

4.19. Ní mór comhairliúchán éifeachtach cuimsitheach le daoine agus le geallsealbhóirí a bheith ina cheanglas ceangailteach. Ba cheart dreasachtaí agus caighdeáin le haghaidh rannpháirtíocht fhóinteach agus luath ar an leibhéal áitiúil a áireamh i ndlíthe ábhartha an Aontais.

Breithnithe do na glúnta atá le teacht

4.20. Chun ceartas idirghlúine a áirithiú, ní mór cearta na nglúnta óga agus na nglúnta atá le teacht a leabú i ngach beartas faoin gComhaontú Glas agus Sóisialta don Eoraip. Tá tacaíocht tugtha ag CESE cheana féin do phromhadh na hóige ar bheartais an Aontais agus is é an chéad chomhlacht de chuid an Aontais é leis an bpromhadh a chur i bhfeidhm ar bhonn píolótach ina chuid tuairimí. Chomhoibrigh CESE freisin le roinnt eagraíochtaí óige, agus chuir sé sásraí ar bun amhail cruinnithe comhchéime leis an óige maidir leis an aeráid agus an inbhuanaitheacht ([20]). Bhí daoine óga ar thús cadhnaíochta agus an Comhaontú Glas don Eoraip á iarraidh acu, agus ba cheart ról lárnach a bheith acu agus iad a bheith rannpháirteach ar bhonn fiúntach sa Chomhaontú Glas agus Sóisialta don Eoraip freisin.

4.21. Agus an staid dhéimeagrafach mar atá faoi láthair, is é sin staid ina bhfuil daonra an Aontais ag dul in aois agus freagrachtaí cúraim á ndéanamh gan íocaíocht, go háirithe ag na mná, tá níos mó seirbhísí cúraim atá inacmhainne agus ar ardcháilíocht ag teastáil. Ní mór aghaidh a thabhairt ar an mbearna atá ann idir cistiú agus seirbhísí agus ní mór beartais a bheith ann lena chinntiú go bhfuiltear ag déanamh de réir na hinbhuanaitheachta ar bhealach nach gcuirfidh ualach fiachais ar na glúnta amach romhainn nach bhféadfaidís a iompar.

4.22. Ba cheart tús áite a thabhairt sa phróiseas cinnteoireachta do phrionsabal an cheartais idirghlúine ar mhaithe lena áirithiú nach bhfágfar faoi na glúnta atá le teacht bagairtí a mhaolú ina n-aonar nó oiriúnú do bhrú dosheachanta. Dá réir sin, ba cheart Measúnú Tionchair le haghaidh na nGlúnta atá le teacht a áireamh sna treoirlínte 'Reachtóireacht Níos Fearr'. Ní mór na beartais chlaochlaitheacha a bheith de chineál agus go bhfónfaidh siad do shaoránaigh na hEorpa, lena n-áirítear leas na nglúnta atá le teacht, agus dá leas fadtéarmach, gan spleáchais ar chonairí a dhéanfaidh dochar dóibh a chruthú.

([17]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Creat beartais an Aontais um aistriú cóir a chur chun cinn: cad iad na bearta atá riachtanach? (IO C, C/2024/1576, 5.3.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/C/2024/1576/oj).

([18]) Moladh ón gComhairle an 12 Meitheamh 2023 maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach (*IO C, C/2023/1389, 6.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1389/oj*).

([19]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir leis an idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach (COM(2023) 38 final — 2023/0012 (NLE)) agus maidir le Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún An t-idirphlé sóisialta a neartú san Aontas Eorpach: leas a bhaint as a chumas iomlán chun aistrithe córa a bhainistiú (COM(2023) 40 final) (IO C 228, 29.6.2023, lch. 87).

([20]) https://www.eesc.europa.eu/ga/initiatives/cruinnithe-comhcheime-leis-oige-maidir-leis-aeraid-agus-inbhuanaitheacht.

4.23. Chun dlúthchomhar idir institiúidí an Aontais a áirithiú, ba cheart dearbhú idirinstitiúideach a tharraingt suas idir CESE, Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach chun creat stóinseach a sholáthar lena ráthófaí cosaint agus cur chun cinn leasanna agus chearta na nglúnta atá le teacht, mar aon le gealltanais ó na hinstitiúidí coimircí do na glúnta atá le teacht a ionchorprú i gcreataí dlíthiúla agus i mbeartais dhlíthiúla.

4.24. Ba cheart don chéad Choimisiún Eorpach eile Coimisinéir do na glúnta atá le teacht a cheapadh ar a mbeadh sainchúraimí leathana le rannchuidiú leis na próisis reachtacha go léir chun a áirithiú go mbeadh tionchar dearfach ag beartais nua agus ag beartais atá ann cheana ar na glúnta le teacht. Ba cheart an ról sin a bhunú ar shamplaí rathúla d'oifigí comhchosúla ó gach cearn den domhan, amhail Coimisinéir na Breataine Bige do na glúnta atá le teacht.

An Bhruiséil, 19 Meán Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE